Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1041

8.4.2024

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1041 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28 Samhain 2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta an Aontais de thionscadail leasa choitinn agus de thionscadail chomhleasa**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/869 bunaítear creat chun tionscadail leasa choitinn a shainaithint, a phleanáil agus a chur chun feidhme, ar tionscadail iad a bhfuil gá leo chun na 11 chonair tosaíochta straitéiseacha maidir le bonneagar fuinnimh geografach a shainaithnítear sna réimsí leictreachais, eangach amach ón gcósta, hidrigine agus leictrealóirí a chur chun feidhme, agus chun na trí réimse tosaíochta uile-Aontais maidir le heangacha cliste leictreachais, eangacha cliste gáis agus gréasáin iompair dé-ocsaíde carbóin a chur chun feidhme, mar aon le creat chun tionscadail chomhleasa, arna bhforbairt ag an Aontas i gcomhar le tríú tíortha sna réimsí gréasán iompair leictreachais, hidrigine agus dé-ocsaíde carbóin a shainaithint, a phleanáil agus a chur chun feidhme.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2022/869, ba cheart don Choimisiún an gníomh tarmligthe lena mbunaítear an chéad liosta de chuid an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2022/869 a ghlacadh faoin 30 Samhain 2023.

(3) Rinneadh measúnú ar na tionscadail incháilithe a beartaíodh lena gcur san áireamh i liosta an Aontais i gcomparáid leis an gcritéar inbhuanaitheachta atá éigeantach le haghaidh gach catagóire tionscadail i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/869. Na grúpaí réigiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/869, ní dhearna siad tuilleadh measúnaithe ach amháin ar na tionscadail sin a léirigh rannchuidiú nach beag leis an inbhuanaitheacht, agus dhearbhaigh na grúpaí réigiúnacha gur chomhlíon na tionscadail sin na critéir a leagtar síos in Airteagal 4 den Rialachán sin.

(4) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar na tionscadail is iarrthóirí i bhfianaise cheanglais Airteagal 3(5).

(5) Tháinig na grúpaí réigiúnacha ar chomhaontú maidir leis na dréachtliostaí réigiúnacha de thionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa ag cruinnithe ar leibhéal teicniúil.

(6) Tar éis thuairimí na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialaithe Fuinnimh ('ACER') an 21 Meán Fómhair 2023 maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéar measúnaithe agus an mheasúnaithe costais agus tairbhe thar réigiúin, ghlac comhlachtaí cinnteoireachta na ngrúpaí réigiúnacha na liostaí réigiúnacha críochnaitheacha an 25 Deireadh Fómhair 2023. De bhun Airteagal 3(3)(a) de Rialachán (AE) 2022/869, sular glacadh na liostaí réigiúnacha, rinne na Ballstáit a mbaineann na tionscadail lena gcríoch na tionscadail uile a bhí beartaithe a fhormheas.

(7) Na tionscadail a moladh lena gcur san áireamh i liosta an Aontais, bhí siad faoi réir comhairliúchán poiblí. Thairis sin, na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ó thríú tíortha, táirgeoirí, oibreoirí córas dáileacháin, soláthróirí, pobail áitiúla agus eagraíochtaí cosanta tomhaltóirí agus comhshaoil, tugadh cuireadh dóibh chuig na pléití teicniúla sna grúpaí réigiúnacha agus chuathas i gcomhairle leo maidir leis na tionscadail a bhí beartaithe a chur san áireamh i liosta an Aontais.

([1]) IO L 152, 3.6.2022, lch. 45.

(8) Ba cheart tionscadail leasa choitinn a liostú de réir tosaíochtaí bonneagair fuinnimh straitéiseacha tras-Eorpacha san ord a leagtar síos iad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/869. Tionscadail chomhleasa, ar tionscadail iad nach bhfuil gá leo chun na conairí agus na réimsí tosaíochta maidir le bonneagar fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán GTE-F a chur chun feidhme, ba cheart iad a liostú ar leithligh de réir na catagóire bonneagair lena mbaineann siad agus de réir an réigiúin ina bhfuil siad lonnaithe.

(9) Ba cheart tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa a liostú mar thionscadail neamhspleácha leasa choitinn/ tionscadail neamhspleácha chomhleasa nó mar chuid de bhraisle de roinnt tionscadal leasa choitinn agus tionscadal comhleasa toisc iad a bheith ag brath ar a chéile nó toisc (an fhéidearthacht a bheith ann) go bhfuil siad in iomaíocht le chéile.

(10) I gcomhréir leis an maolú dá bhforáiltear le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2022/869 i gcás na Cipire agus Mhálta maidir le hidirnasc amháin le haghaidh gach ceann de na Ballstáit sin, tá an doiciméadacht a cheanglaítear i gcomhréir le míreanna (1) agus (2) d'Airteagal 24 faighte ag an gCoimisiún. Cuireadh na tionscadail ábhartha i láthair le linn chruinnithe teicniúla na ngrúpaí réigiúnacha agus foilsíodh an doiciméadacht ábhartha, cé is moite de rúin ghnó. Dá bhrí sin, ba cheart aon idirnasc amháin le haghaidh Mhálta agus aon idirnasc amháin le haghaidh na Cipire, naisc a bhfuil gá leo chun na Ballstáit sin a idirnascadh leis an ngréasán gáis tras-Eorpach, stádas a dtionscadal leasa choitinn a choinneáil ar bun.

(11) Tá tionscadail ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt ar liosta an Aontais, lena n-áirítear réamh-indéantacht, indéantacht, deonú ceadanna agus tógáil. I gcás tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa ag céim luath dá bhforbairt, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le staidéir chun inmharthanacht theicniúil agus eacnamaíoch a léiriú, mar aon le comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a léiriú, lena n-áirítear an reachtaíocht chomhshaoil. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaol a shainaithint, a mheasúnú agus a sheachaint nó a mhaolú go leormhaith. Thairis sin, ba cheart bearta ábhartha um oiriúnú don athrú aeráide, a mhéid a bhaineann le forbairt na dtionscadal, a shainaithint agus a chur san áireamh.

(12) Tionscadail a chur san áireamh ar liosta an Aontais, tá an méid sin gan dochar do thoradh an mheasúnaithe ábhartha comhshaoil agus an nós imeachta um cheadanna.

(13) Ba cheart an chéad liosta Aontais de tionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa a ghlacadh dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar an chéad liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh an rialachán tarmligthe i bhfeidhm lena n-achtaítear an dara liosta de chuid an Aontais de thionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2022/869 a chuirtear in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

*"IARSCRÍBHINN VII*

**LIOSTA AN AONTAIS DE THIONSCADAIL LEASA CHOITINN AGUS DE THIONSCADAIL CHOMHLEASA ('LIOSTA AN AONTAIS'),**

**dá dtagraítear in Airteagal 3(4)**

A. **NA PRIONSABAIL A CHUIRTEAR I bhFEIDHM AGUS LIOSTA AN AONTAIS Á BHUNÚ**

(1) **Braislí de thionscadail leasa choitinn agus tionscadail chomhleasa**

Tá roinnt tionscadal leasa choitinn ina gcuid de bhraisle toisc go bhfuil siad idirspleách, go bhfuil siad in iomaíocht le chéile nó go bhféadfaidís a bheith in iomaíocht le chéile. Leagtar síos na cineálacha braislí tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa seo a leanas:

— sainítear **braisle tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa** idirspleách mar 'Bhraisle X, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa seo a leanas:'. Bunaíodh braisle den sórt sin chun tionscadail leasa choitinn/tionscadail comhleasa a shainaithint ar tionscadail iad a bhfuil gá leo uile chun aghaidh a thabhairt ar an scrogall céanna thar theorainneacha tíre agus chun sineirgí a sholáthar i gcás ina gcuirtear chun feidhme i dteannta a chéile iad. Sa chás seo, ní mór na tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa uile a chur chun feidhme chun na tairbhí uile-Aontais a bhaint amach;

— sainítear **braisle tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile** mar 'Bhraisle X, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:'. Le braisle den sórt sin léirítear éiginnteacht maidir le méid an scrogaill thar theorainneacha tíre. Sa chás seo, ní gá na tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa uile a áirítear sa bhraisle a chur chun feidhme. Fágtar faoin margadh é a chinneadh cé acu tionscadal amháin, roinnt tionscadal nó gach tionscadal leasa choitinn nó tionscadal comhleasa a chuirfear chun feidhme, faoi réir an fhormheasa pleanála, ceada agus rialála is gá. An gá atá leis na tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa, déanfar é a athmheas i bpróiseas sainaitheanta tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa ina dhiaidh sin, agus na riachtanais acmhainne á gcur san áireamh freisin; agus

— sainítear **braisle tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa atá in iomaíocht le chéile** mar 'Bhraisle X, lena n-áirítear ceann de na tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa seo a leanas:'. Le braisle den sórt sin, tugtar aghaidh ar an scrogall céanna. Mar sin féin, tá cinnteacht níos mó ag baint le méid an scrogaill ná mar atá i gcás braisle tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa a d'fhéadfadh a bheith in iomaíocht le chéile, agus dá bhrí sin tá cinneadh déanta nach gá ach an t-aon tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa amháin a chur chun feidhme. Fágtar faoin margadh é a chinneadh cén tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa a chuirfear chun feidhme, faoi réir an fhormheasa pleanála, ceada agus rialála is gá. I gcás inar gá, déanfar an gá atá leis na tionscadail leasa choitinn/ tionscadail chomhleasa a athmheas i bpróiseas sainaitheanta tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa ina dhiaidh sin.

— léiríonn **conair chineálach** riachtanais mhóra bhonneagair áirithe a sainaithníodh ach nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu go leormhaith leis na tionscadail a cuireadh isteach.

Tá gach tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 2022/869.

(2) **Láimhseáil fostáisiún agus stáisiún comhbhrúiteora**

Meastar fostáisiúin agus stáisiúin leictreachais droim le droim agus stáisiúin chomhbhrúiteora a bheith ina gcodanna de thionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa má tá suíomh geografach acu ar línte tarchuir nó in aice le píblínte, de réir mar a bheidh. Meastar gur tionscadail leasa choitinn neamhspleácha iad fostáisiúin, stáisiúin droim le droim agus stáisiúin chomhbhrúiteora agus liostaítear go sainráite ar liosta an Aontais iad más éagsúil a suíomh geografach le suíomh línte tarchuir nó píblínte, de réir mar a bheidh. Tá siad faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2022/869.

(3) **Codanna neamh-incháilithe de na tionscadail leasa choitinn/tionscadail chomhleasa**

I measc roinnt tionscadal leasa choitinn/tionscadal comhleasa, tá infheistíocht neamh-incháilithe amháin nó níos mó laistigh dá gcomhdhéanamh. Ní mheasfar na hinfheistíochtaí sin, a liostaítear thíos, mar chuid de Liosta an Aontais.

— Cuid Guitiriz – Zamora (cuid de PCI (tionscadal leasa choitinn) 9.1.3)

— Cuid Saint Martin de Crau – Cruzy (cuid de PCI 9.1.5)

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 713/2009, (CE) Uimh. 714/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39).

— Cuid Freiburg – Offenbach (cuid de PCI 9.2.1)

— Limistéar Chuid Limburg agus a nasc leis an gcnámh droma Thuaidh-Theas in Oirthear NL (cuid de PCI 9.6)

— Long (cuid de PCI 9.13.1)

— Cuid Poggio Renatico – Bearnas Gries (cuid de PCI 10.1.1)

— Cuid Karperi – Komotimi (cuid de PCI 10.3.1)

— Cuid Kiruna – Lulea (cuid de PCI 11.1)

— 4 chuid inmheánacha de phíblíne na Fionlainne Kyröskoski, Imatra, Loviisa, trí Kotka agus Porvoo trí Tolkinnen (tagairtí geografacha garbha atá ann, agus is mar thásca amháin a thugtar iad) (cuid de PCI 11.2)

— Píblíne in LT agus í á nascadh le Klaipeda (cuid de PCI 11.2)

— Cuid Magdeburg – Potsdam (tagairtí geografacha garbha atá ann, agus is mar thásca amháin a thugtar iad) (cuid de PCI 11.2)

— Bainistiú sreabhadh oibre gan pháipéar, bobán gutha agus bota comhrá, uathoibriú maidir le bainistíocht lucht saothair, ceantanna comhpháirteacha SK-UA agus sócmhainní le haghaidh uaimh turasóireachta (cuid de PCI 12.3)

(4) **Tionscadail a bhfuil uimhir tionscadail leasa choitinn difriúil acu anois leis an uimhir a bhí i liosta an Aontais roimhe seo**

Tionscadail a bhí ina gcuid de liosta an Aontais roimhe seo faoi Rialachán aisghairthe (AE) Uimh. 347/2013, athraíodh a a n-uimhir tionscadail leasa choitinn mar gheall ar athordú nó mar gheall ar chonairí tosaíochta nua a cuireadh le Rialachán (AE) Uimh. 2022/869. Baineann sé sin le roinnt tionscadal atá ina gcuid de na catagóirí seo a leanas: leictreachas, eangacha cliste leictreachais agus gréasáin $CO_2$. Sa chás sin, luaitear an uimhir tionscadail leasa choitinn a bhí ann roimhe seo faoi ainm an tionscadail, chun críche faisnéise amháin.

B. **LIOSTA AN AONTAIS DE THIONSCADAIL LEASA CHOITINN AGUS TIONSCADAIL CHOMHLEASA**

(1) **Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ('NSI West Electricity')**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 1.1 | An Phortaingéil – Idirnasc na Spáinne idir Beariz – Fontefría (ES), Fontefria (ES) – Ponte de Lima (PT) agus Ponte de Lima – Vila Nova de Famalicão (PT), lena n-áirítear fostáisiúin in Beariz (ES), Fontefría (ES) agus Ponte de Lima (PT) (Uimh. 2.17 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.2 | Idirnasc idir Gatica (ES) agus Cubnezais (FR) [ar a dtugtar 'Biscay Gulf' faoi láthair] (Uimh. 2.7 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.3 | Idirnasc idir La Martyre (FR) agus an tOileán Mór nó Cnoc Rátha (IE) [ar a dtugtar 'Celtic Interconnector' faoi láthair] (Uimh. 1.6 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.4 | Braisle línte inmheánacha sa Ghearmáin, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:<br>1.4.1 Líne inmheánach ó Emden-Oirthear go Osterath chun an acmhainneacht a mhéadú ón nGearmáin Thuaidh go dtí Dúiche na Réine [ar a dtugtar 'A-Nord' faoi láthair] (Uimh. 2.31.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>1.4.2 Líne inmheánach ó Heide/West go Polsum chun an acmhainneacht a mhéadú ón nGearmáin Thuaidh go dtí Dúiche Ruhr [ar a dtugtar 'Korridor B' faoi láthair] (Uimh. 2.31.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>1.4.3 Líne inmheánach ó Wilhelmshaven go Uentrop chun an acmhainneacht a mhéadú ón nGearmáin Thuaidh go dtí Dúiche Ruhr [ar a dtugtar 'Korridor B' faoi láthair] (Uimh. 2.31.3 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.5 | Líne inmheánach sa Ghearmáin idir Brunsbüttel/Wilster go Großgartach/Grafenrheinfeld chun an acmhainneacht a mhéadú ag na teorainneacha thuaidh agus theas [ar a dtugtar 'Suedlink' faoi láthair] (Uimh. 2.10 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |

| | |
|---|---|
| 1.6 | Líne inmheánach idir Osterath agus Philippsburg (DE) chun an acmhainneacht ag na teorannacha thiar a mhéadú [ar a dtugtar 'Ultranet' faoi láthair] (Uimh. 2.9 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.7 | 1.7.1 Idirnasc idir Navarra (ES) agus Landes (FR) [ar a dtugtar 'Pyrenean crossing 1' faoi láthair] (Uimh. 2.27.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>1.7.2 Idirnasc idir réigiún Aragón (ES) agus Marsillon (FR) [ar a dtugtar 'Pyrenean crossing 2' faoi láthair] (Uimh. 2.27.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.8 | Idirnasc idir Lonny (FR) agus Gramme (BE) (Uimh. 2.32 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.9 | Línte inmheánacha ag teorainn thuaidh na Beilge idir Zandvliet agus Lillo-Liefkenshoek (BE), agus idir Liefkenshoek agus Mercator, lena n-áirítear fostáisiún in Lillo (BE) [ar a dtugtar 'BRABO II + III' faoi láthair] (Uimh. 2.23 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.10 | Idirnasc idir mórthír na hIodáile agus an Chorsaic – (FR) agus an tSairdín (IT) [ar a dtugtar 'SACOI 3' faoi láthair] (Uimh. 2.4 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.11 | Tionscadal Sínte Stórála Kaunertal (AT) (Uimh. 2.18 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.12 | Stóráil Fuinnimh Hidrileictrigh Íonúcháin-Pumpála NAVALEO (ES) (Uimh. 2.28.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.13 | Stóráil Fuinnimh Hidrileictrigh Pumpála Bhéal Átha Gabhann (IE) (Uimh. 2.29 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.14 | Stóráil Fuinnimh Hidrileictrigh Íonúcháin-Pumpála RIEDL (DE) (Uimh. 2.30 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.15 | Stóráil Fuinnimh Hiodrálach Inchúlaithe Pumpála LOS GUAJARES (ES) |
| 1.16 | Stóráil Fuinnimh Aeir Chomhbhrúite Mhol Hidrigine Glas na Danmhairge (DK) (Uimh. 1.21 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.17 | Stóráil Fuinnimh Hidrileictrigh Pumpála WSK PULS (DE) |
| 1.18 | Stóráil Fuinnimh Hiodrálach Inchúlaithe Pumpála AGUAYO II (ES) |

Tionscadail chomhleasa arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 1.19 | Idirnasc idir an tSicil (IT) agus nód na Túinéise (TN) [ar a dtugtar 'ELMED' faoi láthair] (Uimh. 2.33 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 1.20 | Idirnasc idir limistéar Zeebrugge (BE) agus Kemsley, Kent (an Ríocht Aontaithe) [ar a dtugtar 'Cronos' faoi láthair] |
| 1.21 | Idirnasc idir limistéir Emden (DE) agus Corringham, Essex (UK) (an Ríocht Aontaithe) [ar a dtugtar 'Tarchon' faoi láthair] |

(2) **Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa (NSI East Electricity)**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 2.1 | Braisle an Ostair – an Ghearmáin, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:<br>2.1.1 Idirnasc idir Isar/Altheim/Ottenhofen (DE) – St.Peter (AT) (Uimh. 3.1.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>2.1.2 Líne inmheánach idir St. Peter agus Tauern (AT) (Uimh. 3.1.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>2.1.3 Líne inmheánach idir Westtirol – Zell/Ziller (AT) (Uimh. 3.1.4 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>2.1.4 Idirnascaire idir Pleinting (DE) – St. Peter (AT) |
| 2.2 | Líne inmheánach sa Ghearmáin idir Wolmirstedt agus Isar [ar a dtugtar 'SuedOstLink' faoi láthair] (Uimh. 3.12 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |

| | |
|---|---|
| 2.3 | Braisle línte inmheánacha sa tSeicia, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:<br>2.3.1 Líne inmheánach idir Vernerov agus Vitkov (Uimh. 3.11.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>2.3.2 Líne inmheánach idir Prestice agus Kocin (Uimh. 3.11.3 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>2.3.3 Líne inmheánach idir Kocin agus Mirovka (Uimh. 3.11.4 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 2.4 | Idirnasc idir Würmlach (AT) – Somplago (IT) (Uimh. 3.4 ar an gceathrú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 2.5 | Braisle na hUngáire – na Rómáine, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:<br>2.5.1 Idirnascaire idir Józsa (HU) agus Oradea (RO)<br>2.5.2 Líne inmheánach idir Urechesti (RO) agus Targu Jiu (RO)<br>2.5.3 Líne inmheánach idir Targu Jiu (RO) agus Paroseni (RO)<br>2.5.4 Líne inmheánach idir Paroseni (RO) agus Baru Mare (RO)<br>2.5.5 Líne inmheánach idir Baru Mare (RO) agus Hasdat (RO) |
| 2.6 | Braisle idir Iosrael – an Chipir – an Ghréig [ar a dtugtar 'EuroAsia Interconnector' faoi láthair], lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:<br>2.6.1 Idirnasc idir Hadera (IL) agus Kofinou (CY) (Uimh. 3.10.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>2.6.2 Idirnasc idir Kofinou (CY) agus Korakia na Créite (EL) (Uimh. 3.10.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 2.7 | Idirnascaire idir Otrokovice (CZ) – Ladce (SK) |
| 2.8 | Idirnasc idir réigiún Lienz (AT) – Veneto (IT) (Uimh. 3.2.1 ar an dara liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 2.9 | Stóráil fuinnimh hidrileictrigh pumpála in Amfilochia (EL) (Uimh. 3.24 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 2.10 | Córas stórála fuinnimh i gceallraí Ptolemaida (EL) |
| 2.11 | Stóráil Fuinnimh Hidrileictrigh Íonúcháin-Pumpála in Čierny Váh (SK) arna Nuachóiriú [ar a dtugtar 'SE Integrator' faoi láthair] |

Tionscadail chomhleasa arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 2.12 | Idirnascaire idir Subotica (RS) agus Sándorfalva (HU) |
| 2.13 | Idirnascaire idir Wadi El Natroon (EG) agus Mesogeia/St Stefanos (EL) [ar a dtugtar 'GREGY Interconnector' faoi láthair] |

(3) **Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh sa leictreachas (BEMIP Electricity)**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 3.1 | Líne inmheánach idir Stanisławów agus Ostrołęka (PL) (Uimh. 4.5.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 3.2 | Stóráil fuinnimh hidrileictrigh pumpála san Eastóin (Uimh. 4.6 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 3.3 | Córas leictreach na Stát Baltach a chomhtháthú agus a shioncronú le líonraí na hEorpa, lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:<br>3.3.1 Idirnasc idir Tsirguliina (EE) agus Valmiera (LV) (Uimh. 4.8.3 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.2 Líne inmheánach idir Viru agus Tsirguliina (EE) (Uimh. 4.8.4 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.3 Líne inmheánach idir Paide agus Sindi (EE) (Uimh. 4.8.7 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.4 Líne inmheánach idir Vilnias agus Neris (LT) (Uimh. 4.8.8 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.5 Gnéithe bonneagair eile a bhaineann le cur chun feidhme shioncronú chóras na Stát Baltach le líonra mhór-roinn na hEorpa (Uimh. 4.8.9 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.6 Idirnasc idir an Liotuáin agus an Pholainn [ar a dtugtar 'Harmony Link' faoi láthair] (Uimh. 4.8.10 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.7 Fostáisiún 330kV Mūša (LT) (Uimh. 4.8.13 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.8 Líne inmheánach idir Bitenai agus KHAE (LT) (Uimh. 4.8.14 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.9 Fostáisiún 330kV Darbėnai (LT) (Uimh. 4.8.13 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.10 Líne inmheánach idir Darbenai agus Bitenai (LT) (Uimh. 4.8.16 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.11 Líne inmheánach idir Dunowo agus Żydowo Kierzkowo (PL) (Uimh. 4.8.18 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.12 Líne inmheánach idir Piła Krzewina agus Żydowo Kierzkowo (PL) (Uimh. 4.8.19 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.13 Líne inmheánach idir Morzyczyn-Dunowo-Słupsk-Żarnowiec (PL) (Uimh. 4.8.21 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.14 Líne inmheánach idir Żarnowiec-Gdańsk/Gdańsk Przyjaźń-Gdańsk Błonia (PL) (Uimh. 4.8.22 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.3.15 Comhdhlúthadáin shioncronacha a sholáthraíonn támh, cobhsaíocht voltais, cobhsaíocht minicíochta agus cumhacht ghearrchiorcaid sa Liotuáin, sa Laitvia agus san Eastóin (Uimh. 4.8.23 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |

| | |
|---|---|
| 3.4 | An tríú idirnasc idir an Fhionlainn agus an tSualainn [ar a dtugtar 'Aurora line' faoi láthair], lena n-áirítear na tionscadail leasa choitinn seo a leanas:<br>3.4.1 Idirnasc idir tuaisceart na Fionlainne agus tuaisceart na Sualainne (Uimh. 4.10.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)<br>3.4.2 Líne inmheánach idir Keminmaa agus Pyhänselkä (FI) (Uimh. 4.10.2 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 3.5 | An ceathrú idirnasc idir an Fhionlainn agus an tSualainn [ar a dtugtar 'Aurora line 2' faoi láthair] |
| 3.6 | Idirnasc idir an Fhionlainn agus an Eastóin [ar a dtugtar 'Estlink 3' faoi láthair] |

(4) **Eangaí amach ón gcósta na bhfarraigí thuaidh (NSOG)**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 4.1 | Mol amháin nó níos mó san Fharraige Thuaidh ag a bhfuil idirnascairí le tíortha máguaird na Mara Thuaidh (an Danmhairg, an Ísiltír agus an Ghearmáin) [ar a dtugtar 'North Sea Wind Power Hub' faoi láthair] (Uimh. 1.19 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 4.2 | Idirnascaire hibrideach amach ón gcósta idir an Bheilg agus an Danmhairg [ar a dtugtar 'Triton Link' faoi láthair] |
| 4.3 | Fostáisiún ardvoltais amach ón gcósta agus nasc le Menuel (FR) [ar a dtugtar 'Offshore Wind Connection Centre Manche 1' faoi láthair] |
| 4.4 | Fostáisiún ardvoltais amach ón gcósta agus nasc le Tourbe (FR) [ar a dtugtar 'Offshore Wind Connection Centre Manche 2' faoi láthair] |

Tionscadail chomhleasa arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 4.5 | Idirnascaire ilchuspóireach idir Eangach Modúlach Amach ón gCósta 2 (BE) agus Leisten (an Ríocht Aontaithe) [ar a dtugtar 'Nautilus' faoi láthair] (Uimh. 1.15 ar an gceathrú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 4.6 | Idirnasc HVDC ilchuspóireach idir an Bhreatain Mhór agus an Ísiltír [ar a dtugtar 'LionLink' faoi láthair] |

(5) **Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh i dtaca le heangaí amach ón gcósta ('BEMIP offshore')**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 5.1 | Idirnascaire Hibrideach na Laitvia agus na hEastóine amach ón gcósta [ar a dtugtar 'Elwind' faoi láthair] |
| 5.2 | Idirnascaire Hibrideach 'Bornholm Energy Island' (BEI) amach ón gcósta idir an Danmhairg agus an Ghearmáin |

(6) **Eangaí amach ón gcósta an Deiscirt agus an Iarthair ('SW offshore')**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 6.1 | Nasc Gaoithe amach ón gCósta Occitanie (FR) |
| 6.2 | Nasc Gaoithe amach ón gCósta PACA (FR) |

(7) **Eangaí amach ón gcósta an Deiscirt agus an Oirthir ('SE offshore')**

Níor cuireadh aon tionscadal isteach don chonair seo.

(8) **Eangaí amach ón gcósta an Atlantaigh**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 8.1 | Nasc Gaoithe amach ón gCósta na Briotáine Theas (FR) |
| 8.2 | Nasc Gaoithe amach ón gCósta an Atlantaigh Thoir (FR) |

(9) **Idirnaisc hidrigine in iarthar na hEorpa ('HI West')**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 9.1 | Conair na Portaingéile – na Spáinne – na Fraince – na Gearmáine:<br>9.1.1 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Phortaingéil<br>9.1.2 Idirnascaire hidrigine idir an Phortaingéil agus an Spáinn<br>9.1.3 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Spáinn<br>9.1.4 Idirnascaire hidrigine idir an Spáinn agus an Fhrainc [ar a dtugtar 'BarMar' faoi láthair]<br>9.1.5 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Fhrainc á nascadh leis an nGearmáin [ar a dtugtar HyFen faoi láthair]<br>9.1.6 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Ghearmáin á nascadh leis an bhFrainc [ar a dtugtar 'H2Hercules South' faoi láthair] |
| 9.2 | Gleannta hidrigine trasteorann idir an Fhrainc agus an Ghearmáin:<br>9.2.1 Gleann hidrigine sa Ghearmáin go dtí teorainn na Fraince [ar a dtugtar RHYn faoi láthair]<br>9.2.2 Gleann hidrigine sa Fhrainc go dtí teorainn na Gearmáine [ar a dtugtar Mosahyc faoi láthair] |
| 9.3 | Bonneagar inmheánach hidrigine sa Fhrainc go dtí teorainn na Beilge [ar a dtugtar 'Franco-Belgian H2 corridor' faoi láthair] |
| 9.4 | 9.1.6 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Ghearmáin [ar a dtugtar 'H2ercules West' faoi láthair] |
| 9.5 | Bonneagar inmheánach hidrigine sa Bheilg [ar a dtugtar 'Belgian Hydrogen Backbone' faoi láthair] |
| 9.6 | Bonneagar inmheánach hidrigine san Ísiltír [ar a dtugtar 'National Hydrogen Backbone' faoi láthair] |
| 9.7 | Idirnascairí hidrigine 'National Hydrogen Backbone' (NL) – an Ghearmáin:<br>9.7.1 Idirnascaire hidrigine ón gcnámh droma Thuaidh Theas san oirthear go Oude (NL) – H2ercules North (DE)<br>9.7.2 Idirnascaire hidrigine ón gcnámh droma Thuaidh Theas san Oirthear go Vlieghuis (NL) – Vlieghuis – Ochtrup (DE)<br>9.7.3 Idirnascaire hidrigine ón Ísiltír go dtí an Ghearmáin (ar a dtugtar 'Delta Rhine Corridor H2' faoi láthair) |
| 9.8 | Píblíne hidrigine na Gearmáine amach ón gcósta [ar a dtugtar 'AquaDuctus' faoi láthair] |
| 9.9 | Idirnascaire hidrigine na Danmhairge – na Gearmáine:<br>9.9.1 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Ghearmáin [ar a dtugtar 'HyperLink III' faoi láthair]<br>9.9.2 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Danmhairg [ar a dtugtar 'DK Hydrogen Pipeline West' faoi láthair] |
| 9.10 | Saoráidí glactha amóinia sa Bheilg:<br>9.10.1 Saoráid glactha amóinia Antuairp<br>9.10.2 Saoráid glactha amóinia Amplifhy Antuairp<br>9.10.3 Saoráid glactha amóinia Forbairt móilíní nua Zeebrugge |
| 9.11 | Saoráidí glactha amóinia sa Ghearmáin:<br>9.11.1 Teirminéal shaoráid glactha amóinia Brunsbüttel<br>9.11.2 Saoráid glactha amóinia Wilhelmshaven (BP)<br>9.11.3 Saoráid glactha amóinia Wilhelmshaven (Uniper) |
| 9.12 | Saoráidí glactha san Ísiltír:<br>9.12.1 Saoráid glactha LH2 Rotterdam<br>9.12.2 Saoráid glactha amóinia Amplifhy Rotterdam<br>9.12.3 Saoráid glactha amóinia Amplifhy ACE Rotterdam |
| 9.13 | Saoráid glactha amóinia Dunkerque (FR) |

| | |
|---|---|
| 9.14 | Leictrealóir H2Sines.RDAM (PT) |
| 9.15 | Saoráidí leictrealóra sa Spáinn:<br>9.15.1 Leictrealóir líonra hidrigine Tarragona<br>9.15.2 Leictrealóir mórscála Bilbao<br>9.15.3 Leictrealóir mórscála Cartagena<br>9.15.4 Leictrealóir Valle andaluz del hidrógeno verde<br>9.15.5 Leictrealóir ghleann Asturias H2 |
| 9.16 | Saoráidí leictrealóra sa Fhrainc:<br>9.16.1 Leictrealóir CarlHYng<br>9.16.2 Leictrealóir Emil'Hy<br>9.16.3 Leictrealóir HyGreen<br>9.16.4 Leictrealóir H2V Valenciennes<br>9.16.5 Leictrealóir H2Thionville |
| 9.17 | Saoráidí leictrealóra san Ísiltír:<br>9.17.1 Leictrealóir Enecolyser<br>9.17.2 Leictrealóir H2-Fifty<br>9.17.3 Leictrealóir SeaH2Land |
| 9.18 | Saoráidí leictrealóra sa Ghearmáin:<br>9.18.1 Leictrealóir GreenWilhelmshaven<br>9.18.2 Leictrealóir CHC Wilhelmshaven |
| 9.19 | Leictrealóir Jytske Banke (DK) |
| 9.20 | Stóráil Hidrigine na Danmhairge (DK) |
| 9.21 | Stóráil Hystock Opslag H2 (NL) |
| 9.22 | Stóráil hidrigine sa Ghearmáin:<br>9.22.1 Stóráil hidrigine Salthy Harsefeld<br>9.22.2 Stóráil H2 Gronau-Epe |
| 9.23 | Stóráil GeoH2 (FR) |
| 9.24 | Stóráil hidrigine sa Spáinn:<br>9.24.1 Stóráil H2 ó thuaidh – 1<br>9.24.2 Stóráil H2 ó thuaidh – 2 |

Tionscadail chomhleasa arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 9.25 | Píblíne hidrigine amach ón gcósta na hIorua go dtí an Ghearmáin [ar a dtugtar 'CHE Pipeline' faoi láthair] |

(10) **Idirnaisc hidrigine i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa (HI East)**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 10.1 | Conair hidrigine na hIodáile – na hOstaire – na Gearmáine:<br>10.1.1 Bonneagar inmheánach hidrigine san Iodáil [ar a dtugtar 'Italian H2 Backbone' faoi láthair]<br>10.1.2 Bonneagar inmheánach hidrigine san Ostair [ar a dtugtar 'H2 Readiness of the TAG pipeline system' (Ullmhacht H2 chóras píblíne TAG) faoi láthair]<br>10.1.3 Bonneagar inmheánach hidrigine san Ostair [ar a dtugtar 'H2 Backbone WAG and Penta West' faoi láthair]<br>10.1.4 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Ghearmáin [ar a dtugtar 'HyPipe Bavaria – The Hydrogen Hub' faoi láthair] |
| 10.2 | Idirnascaire hidrigine idir an tSeicia agus an Ghearmáin:<br>10.2.1 Bonneagar inmheánach hidrigine sa tSeicia i dtreo na Gearmáine<br>10.2.2 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Ghearmáin [ar a dtugtar 'FLOW East – Making Hydrogen Happen' faoi láthair] |

| | |
|---|---|
| 10.3 | Idirnascaire hidrigine idir an Ghréig agus an Bhulgáir:<br>10.3.1 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Ghréig i dtreo theorainn na Bulgáire<br>10.3.2 Bonneagar inmheánach hidrigine sa Bhulgáir i dtreo theorainn na Gréige |
| 10.4 | Conair chineálach arb aidhm di hidrigin a tharchur ón Úcráin go dtí an tSlóvaic, an tSeicia, an Ostair agus an Ghearmáin |

(11) **Plean Idirnaisc don Mhargadh Baltach Fuinnimh i dtaca le hidrigin (BEMIP Hydrogen)**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réigiún:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 11.1 | Idirnascaire hidrigine idir an tSualainn agus an Fhionlainn [ar a dtugtar 'Nordic Hydrogen Route – Bothnian Bay' faoi láthair] |
| 11.2 | Idirnascaire hidrigine idir an Fhionlainn, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an Ghearmáin [ar a dtugtar 'Nordic-Baltic Hydrogen Corridor' faoi láthair] |
| 11.3 | Idirnascaire hidrigine idir an tSualainn, an Fhionlainn agus an Ghearmáin [ar a dtugtar 'Baltic Sea Hydrogen Collector' faoi láthair] |

(12) **Eangacha cliste leictreachais na Réimsí Téamacha Tosaíochta a chur in úsáid**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réimse téamach:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 12.1 | 'ACON – Again COnnected Networks' (CZ, SK), chun comhtháthú mhargaí leictreachais na Seicia agus na Slóvaice a chothú trí éifeachtúlacht na líonraí dáileacháin a fheabhsú (Uimh. 10.4 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 12.2 | CARMEN (BG, RO), chun comhar trasteorann TSO-TSO agus comhroinnt sonraí a dhaingniú, comhar TSO-DSO a fheabhsú, infheistiú i méadú eangach agus an acmhainneacht chun foinsí nua fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú, agus cobhsaíocht, slándáil agus solúbthacht na n-eangach a fheabhsú (Uimh. 10.10 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 12.3 | Danube InGrid (HU, SK), chun iompar agus gníomhaíochtaí na n-úsáideoirí margaidh uile a bhfuil baint acu le líonraí leictreachais na hUngáire agus na Slóvaice a chomhtháthú (Uimh. 10.7 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 12.4 | Gabreta Smart Grids (CZ, DE), chun an acmhainneacht óstála eangach a mhéadú, faireachán agus rialú eangach MV ó chian a chumasú, agus faire eangach agus pleanáil líonraí eangach a fheabhsú (Uimh. 10.11 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 12.5 | GreenSwitch (AT, HR, SI), chun an acmhainneacht óstála a mhéadú le haghaidh foinsí dáilte in-athnuaite agus comhtháthú éifeachtúil ualaí nua, rud a fheabhsóidh inbhreathnaitheacht an líonra dáileacháin agus a mhéadóidh an acmhainneacht trasteorann (Uimh. 10.12 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |

(13) **Réimse téamach tosaíochta Líonra dé-ocsaíde carbóin trasteorann**

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réimse téamach:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 13.1 | Cuirfidh $CO_2$ TransPorts bonneagar ar bun chun gabháil, iompar agus stóráil $CO_2$ ar mórscála a éascú ó limistéir chalafoirt Rotterdam, Antuairp agus na Mara Thuaidh (Uimh. 12.3 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 13.2 | Aramis – tionscadail trasteorann iompair agus stórála $CO_2$, iontógáil ó astaírí i gcúlchríoch limistéar calafoirt Rotterdam, iompar píbe chuig stóráil ar scairbh ilchríochach na hÍsiltíre (Uimh. 12.7 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 13.3 | ECO2CEE – tionscadal trasteorann rochtana oscailte iompair agus stórála $CO_2$ ag a bhfuil láithreáin stórála pleanáilte sa Danmhairg, san Iorua, san Ísiltír agus sa Ríocht Aontaithe (síneadh ar Uimh. 12.9 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 13.4 | Bifrost – tionscadal iompair agus stórála ag a bhfuil láithreáin stórála in DK ó astaírí ón Danmhairg, ón nGearmáin agus ón bPolainn |
| 13.5 | Callisto – forbairt mhol ilmhódach $CO_2$ sa Mheánmhuir ina stóráiltear astaíochtaí $CO_2$ ón bhFrainc agus ón Iodáil |

| | |
|---|---|
| 13.6 | CCS Baltic Consortium – iompar trasteorann $CO_2$ ar iarnród idir an Laitvia agus an Liotuáin, mar aon le críochphort ilmhódach $LCO_2$ atá bunaithe in Klaipeda |
| 13.7 | Conair Dheilt na Réine – tionscadal chun $CO_2$ a iompar trí phíblínte ó astaírí i limistéar Ruhr na Gearmáine agus i limistéar Rotterdam na hÍsiltíre go dtí stóráil amach ó chósta na hÍsiltíre. |
| 13.8 | EU2NSEA – líonra trasteorann $CO_2$ arna fhorbairt idir an Bheilg, an Ghearmáin agus an Iorua chun $CO_2$ a bhailiú freisin ó DK, FR, LV, NL, PL agus SE, mar aon le stóráil ar scairbh ilchríochach na hIorua |
| 13.9 | GT CCS na Cróite – tógáil bonneagair iompair píblíne sa Chróit agus san Ungáir, mar aon le stóráil faoi thalamh in HR |
| 13.10 | Norne – bonneagar iompair sa Danmhairg mar aon le stóráil ar talamh agus stóráil fhéideartha amach ón gcósta; déanfaidh astaírí, ó DK, SE, BE agus an Ríocht Aontaithe den chuid is mó, an t-iompar chuig DK ar long |
| 13.11 | Prinos – Stóráil amach ón gcósta ag gort Prinos le haghaidh astaíochtaí ó EL, trí phíblíne, agus ó BG, HR, CY, EL, IT agus SI ar long |
| 13.12 | Pycasso – iompar agus stóráil $CO_2$ i láithreán stórála amach ón gcósta in iardheisceart FR, astaírí tionsclaíocha ó FR agus ES |

Tionscadail leasa choitinn arna bhforbairt sa réimse téamach:

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 13.13 | 'Northern Lights' – tionscadal nasctha trasteorann idir roinnt tionscnamh gabhála Eorpach (an Bheilg, an Ghearmáin, Éire, an Fhrainc, an tSualainn, i measc tíortha eile) iompar ar long go dtí stóráil ar scairbh ilchríochach na hIorua (Uimh. 12.4 ar an gcúigiú liosta tionscnamh leasa choitinn) |
| 13.14 | Nautilus CCS – Astaíochtaí ó limistéir Le Havre, Dunkirk, Duisburg agus Rogaland le gabháil agus le hiompar ar long chuig linnte sa Mhuir Thuaidh (síneadh ar Uimh. 12.8 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |

(14) **Réimse Téamach Tosaíochta Eangach cliste leictreachais**

Fuarthas nach raibh aon cheann de na tionscadail a cuireadh isteach incháilithe don chatagóir seo.

(15) **Tionscadail a bhfuil a stádas mar thionscadail leasa choitinn a choinneáil acu (maolú ar Airteagal 24)**

| Uimh. | Sainmhíniú |
|---|---|
| 15.1 | Nascadh Mhálta le líonra gáis na hEorpa – nasc píblíne leis an Iodáil ag Gela (Uimh. 5.19 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn) |
| 15.2 | Píblíne ó chúlchistí gáis na Meánmhara Thoir go dtí mórthír na Gréige tríd an gCipir agus an gCréit [ar a dtugtar 'EastMed Pipeline' faoi láthair], mar aon le stáisiún méadraithe agus rialála ag Megalopoli (Uimh. 7.3.1 ar an gcúigiú liosta tionscadal leasa choitinn)" |